*Comhairliúchán Poiblí an tSeanaid maidir le Todhchaí an Daonlathais Áitiúil*

**Tá do chuid smaointe á lorg ag Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid**

**Cúlra**

Cuid riachtanach de shaol na hÉireann is ea na húdaráis áitiúla. Agus toghcháin áitiúla ar na bacáin an bhliain seo chugainn, is mian le Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid iniúchadh ar Thodhchaí an Daonlathais Áitiúil a dhéanamh thar roinnt téamaí:

- Rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas agus sna feidhmeanna a bhaineann leis an rialtas áitiúil;
- Cumhachtaí na n-údarás áitiúil; agus
- An tionchar atá ag athruithe ar an bpróiseas rialtais áitiúil, amhail deireadh a chur le comhairlí baile agus méaraí a thoghtar go díreach a thabhairt isteach.

Chonaiceamar freisin laghdú ar chumhachtaí comhairleoirí, cumhachtaí a tugadh don rialtas lárnach agus d'fheidhmeannachtaí údarás áitiúil ar bhealaí éagsúla amhail an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 agus cáipéisí agus creataí beartais náisiúnta uileghabhálacha.

Anois an t-am chun comhairliúchán poiblí den sórt seo a dhéanamh ar thodhchaí na coda tábhachtaí seo den rialtas.

Ba cheart dúinn, go háirithe, bealaí a lorg inar féidir linn cothromaíocht inscne a bhaint amach ar ár n-údaráis áitiúla, ionadaíocht ar údaráis áitiúla ó ghrúpaí mionlaigh in Éirinn a spreagadh agus a chinntiú gur ag an leibhéal áitiúil a dhéantar cinntí a imríonn tionchar ar dhaoine go háitiúil.

**Cuspóirí Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid**

Breathnóidh Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid ar shaincheisteanna a bhaineann le todhchaí an daonlathais áitiúil, an méid seo thíos san áireamh:

- Na dúshláin a bhaineann le hiarrthóirí a fháil do thoghcháin áitiúla;
- Ionadaíocht ar ghrúpaí Ban, Mionlaigh agus Éireannaigh Nua;
- Cumhachtaí chomhaltaína nÚdarás Áitiúil;
- Tionchar na reachtaíochta agus na ndoiciméad beartais náisiúnta uileghabhálacha ar fheidhmiú na n-údarás áitiúil agus ar ról na gcomhaltaí tofa agus na feidhmeannachta;
- Comparáidí leis na struchtúir dhaonlathacha áitiúla i dtíortha eile;
- Breithniú ar an méid ama a bhaineann le ról na gcomhairleoirí agus an tionchar a bhíonn aige sin ar ghairmeacha beatha, ar shaol teaghlaigh agus ar an bhfolláine;

- Conas is féidir leis an rialtas áitiúil ról níos mó a ghlacadh agus tionchar dearfach a imirt ar na dúshláin atá romhainn, mar shampla i réimsí an ghníomhaithe ar son na haeráide, na tithíochta, an bhonneagair, na forbartha réigiúnaí, etc;
- Comhar trasteorann ar leibhéal an rialtais áitiúil ar fud oileán na hÉireann;
- Tacaíochtaí atá ar fáil do chomhairleoirí;
- Aghaidh a thabhairt ar na cumhachtaí agus na feidhmeanna idir an fheidhmeannacht agus an chomhairle tofa;
- Scrúdú a dhéanamh maidir le tuilleadh cumhachtaí a thabhairt do na húdaráis áitiúla tríd an bpróiseas reachtach chun an daonlathas áitiúil a neartú agus a fheabhsú;
- Scrúdú a dhéanamh ar an oiliúint a thugtar do chomhaltaí tofa d'údaráis áitiúla chun a ndualgais a chomhlíonadh; agus
- Aghaidh a thabhairt ar shaincheist na drochíde, na mbagairtí agus an chiaptha i rialtas áitiúil agus tábhacht na sibhialtachta sa saol poiblí.

**An Próiseas**
Tá suim ar leith ag Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid cloisteáil ó na daoine seo a leanas, agus foghlaim faoi thuairimí agus/nó taithí na ndaoine céanna:

- Daoine den phobal agus grúpaí pobail áitiúla;
- Iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar mhionlaigh, ar mhná atá ag rith i dtoghcháin agus ar dhaoine óga, agus a léiríonn éagsúlacht shochaí na hÉireann;
- Acadóirí agus saineolaithe i réimse an daonlathais áitiúil;
- Airí agus comhaltaí údarás áitiúil san am a caitheadh agus san am i láthair;
- Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (ARAÉ) agus Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCÚÁ) agus a gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann agus i ndlínsí eile;
- Ard-Rúnaithe agus Ionadaithe na bPáirtithe Polaitíochta;
- Na Ranna atá Freagrach;
- Príomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóirí Seirbhíse na nÚdarás Áitiúil san am a caitheadh agus san am i láthair; agus
- Daoine a oibríonn i rialtas áitiúil.

Ina theannta sin, féadfaidh an Coiste cuireadh a thabhairt d'fhinnéithe cur i láthair ó bhéal a dhéanamh do Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid ag éisteachtaí poiblí.

Déanfaidh Coiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid tuarascáil a dhréachtú agus a fhoilsiú ina ndéanfaidh sé fionnachtana agus moltaí. Nuair a bheidh a thuarascáil foilsithe, cuirfidh an Coiste torthaí i láthair agus iarrfaidh sé díospóireacht leis an Aire nó leis na hAirí iomchuí sa Seanad.

**Aighneachtaí**
Níor cheart níos mó ná cúig leathanach a bheith in aon aighneacht amháin agus ba cheart go mbeadh an t-eolas seo a leanas inti:

1. Ainm, seoladh poist, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin na heagraíochta nó an duine atá ag déanamh na haighneachta;
2. Réamhrá gairid a léiríonn aon taithí, saineolas nó cúlra atá agat sa réimse seo;

3. Faisnéis fhíorasach, barúlacha nó tuairimí a chreideann tú a chuideoidh leis an gCoiste teacht ar chonclúidí; agus
4. Athruithe a gcreideann tú gur gá iad a dhéanamh ar reachtaíocht nó ar bheartas poiblí.

**TÁBHACHTACH: Scaipfear aighneachtaí chuig comhaltaí uile an Choiste agus féadfar iad a fhoilsiú, go hiomlán nó go páirteach, i dtuarascáil an Choiste agus/nó ar leathanach gréasáin an Choiste. Más fearr leat nach bhfoilseofar d'aighneacht sa tuarascáil nó ar leathanach gréasáin an Choiste, sonraigh é sin go soiléir.**

Tá roinnt coinníollacha i dTéarmaí Tagartha an Choiste, a leagtar amach thíos, a rialaíonn ábhar na n-aighneachtaí. Iarrtar ar lucht scríofa aighneachtaí an méid seo a leanas a chur san áireamh:

*"Tá aighneacht inghlactha mura rud é –*

> *(a) go n-iarrtar léi ar an Seanad aon ní a dhéanamh seachas ní a bhfuil cumhacht ag an Seanad é a dhéanamh;*
>
> *(b) nach gcomhlíonann sí na Buan-Orduithe nó nach bhfuil sí i bhfoirm chuí ar shlí eile;*
>
> *(c) go bhfuil aon ní inti atá* sub judice *de réir bhrí Bhuan-Ordú 47;*
>
> *(d) go nochtar tuairim inti i dtaobh duine lasmuigh den Teach, nó i dtaobh oifigigh, nó go gcáintear é nó í inti nó go ndéantar líomhaintí inti ina choinne nó ina coinne, ar mhodh nach bhfuil ar comhréir leis na Buan-Orduithe agus cleachtais an tSeanaid;*
>
> *(e) go bhfuil friotal inti atá colúil nó clúmhillteach;*
>
> *(f) gurb ionann í agus aighneacht, nó go bhfuil sí sna téarmaí céanna, go substaintiúil, le haighneacht a rinne an duine céanna nó an comhlacht céanna, nó a rinneadh thar a cheann nó thar a ceann, le linn shaolré an Choiste."*

**Ní mór aighneachtaí a bheith faighte ag Cléireach an Choiste tráth nach déanaí ná 4 p.m., Dé hAoine an 29 Meán Fómhair 2023.**

Is fearr aighneachtaí a dhéanamh trí ríomhphost, agus i bhformáid Microsoft Word. Is é seo a leanas an seoladh ríomhphoist le haghaidh aighneachtaí:
**seanadpublicconsult@oireachtas.ie.**

Chomh maith leis sin is féidir aighneachtaí a sheoladh tríd an bpost chuig:
Ivan Farmer,
Cléireach do Choiste Comhairliúcháin Phoiblí an tSeanaid,
Oifig an tSeanaid,
Teach Laighean,
Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2.